



An tAontas
Eorpach

An Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta



Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta

Teastaíonn comhar láidir, comhordú ar go leor leibhéal agus meascán scileanna agus saineolais chun tubaistí a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh. Is é is aidhm leis an **Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta**, a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a neartú maidir leis na gnéithe sin go léir. Tugtar le chéile ann gníomhaithe cosanta sibhialta agus bainistíochta tubaiste chun oibriú i gcomhar agus foghlaim óna chéile agus é mar aidhm cumas agus acmhainn fhoriomlán an Aontais Eorpaigh chun déileáil le tubaistí a neartú.

Mar **bhróicéir eolais**, uirlis is ea an Líonra Eolais chun eolas ábhartha a dhéanamh níos inrochtana do na gníomhaithe cosanta sibhialta agus bainistíochta tubaiste, ag tairiscint spáis dóibh chun foghlaim, oibriú agus fás le chéile.

Mar **éascaitheoir comhpháirtíochtaí**, nascann sé páirtithe leasmhara éagsúla atá gníomhach ar leibhéal éagsúla, ón leibhéal áitiúil go hidirnáisiúnta, rialtasach go neamhrialtasach, agus ón leibhéal polaitiúil go dtí an leibhéal eolaíoch agus oibríochtúil, ag eagrú imeachtaí fíorúla agus duine le duine agus ag maoiniú tionscnaimh chomhphárteacha agus thrasearnála.

Feidhmíonn sé freisin mar **chatalaíoch nuálaíochta** trí thaighde a spreagadh agus tabhairt isteach agus glacadh teicneolaíochtaí agus próiseas nua i réimse na cosanta sibhialta agus bainistíochta tubaiste a éascú.

Trí leas a bhaint as eolas agus saineolas agus iad a scaipeadh, feidhmíonn an líonra mar:



Bróicéir eolais



Éascaitheoir
comhpháirtíochtaí



Catalaíoch
nuálaíochta

Gníomhaíochtaí

Direofar an Líonra Eolais ar dtús ar ghníomhaíochtaí aitheanta agus rathúla atá ann cheana a chur chun feidhme, iad a neartú agus iad a dhéanamh níos cuimsithí. Ag céim níos déanaí, tabharfar isteach tionscnaimh nua leis chun tacú leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus lena Bhallstáit agus leis na Stáit Rannpháirteacha.

Tá gníomhaíochtaí an Líonra Eolais deartha trí dhá philéar – **forbairt acmhainní** agus **eolaíocht**, agus forlíontar iad le sraith gníomhaíochtaí trasnaí, ar fud an líonra a nascann na piléir, agus comhleanúnachas agus sineirgí á gcinntiú.



Clár Oiliúna an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta

Oiliúint do shaineolaithe chun oibriú le chéile ar ghníomhaíochtaí maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt mar chuid den Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.



Gníomhaíochtaí múscaillte feasachta

Tionscnaimh lena bhfeabhsaítear feasacht an phobail ar rioscaí tubaiste agus gníomhaíochtaí cosanta sibhialta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt.



Malartú Saineolaithe Cosanta Sibhialta

Clár malartaithe trinar féidir le saineolaithe tréimhse a chaitheamh thar lear chun taithí a roinnt agus scileanna oibríochtúla nua a ghnóthú.



Rannpháirtíocht an phobail

Idirphlé rialta leis na Ballstáit agus leis na Stáit Rannpháirteacha agus páirtithe leasmhara eile ar gach gné den Líonra Eolais.



Clár Ceachtanna a Foghlaimíodh de chuid an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta

Ceachtanna agus dea-chleachtais a fhaightear as cur chun feidhme agus gníomhaíochtaí eile chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta a fheabhsú.



Deiseanna éascaíochta comhpháirtíochtaí

Maoiniú tionscnamh chun na pobail cosanta sibhialta agus bainistíochta tubaistí a thabhairt níos gaire dá chéile agus a gcomhoibriú a chothú.



Comhairle eolaíoch agus nuálaíocht

Ceangal le líonraí eolaíochta chun saineolas sonracha a sholáthar don Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus taighde agus nuálaíocht a spreagadh



Cleachtaí cosanta sibhialta

Cleachtaí ar nós MODEX an AE lena bhfeabhsaítear ullmhacht agus lena dtreisítear comhoibriú i measc údaráis agus foirne Eorpacha um chosaint sibhialta .



Ceardlanna & comhdhálacha téamacha

Deiseanna foghlama agus líonraithe a dheartar thart ar riachtanais agus rioscaí sonracha atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn.



Ríomhphost

echo-CP-knowledge-network@ec.europa.eu

Ardán

civil-protection-knowledge-network.europa.eu

Ceangail .Roinn .Fás. An Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta

Tabhair cuairt orainn ag: <https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/>

#CivProKnowNet